



Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord Ó Owre Ocht UE Projecks

Tuarascáil Bhliantúil 08







Clár

Réamhrá

04

Ról Fhoras Um Chláir Speisialta An AE

06

Soláthar Chláir 2007-2013

08

Clabhsúr Chláir 2000-2006

15

Comhroinnt Eispéireas

18

Cuntais Bhliantúla

20

Na hAguisíní

52



Réamhrá

Bliain dhúslánach í 2008 i stair Fhoras Um Chláir Speisialta An AE (SEUPB). Tar éis dhá bhliain chomhairliúcháin agus bhunú córas agus gnás do Chlár an Aontais Eorpaigh Um Shíocháin agus Athmhuintearas 2007-2013 (SÍOCHÁIN III) agus don Chlár Trasteorann um Chomhar Críche 2007-2013 (IDIR-RÉIG IVA), seoladh an dá chlár go hoifigiúil i mí Aibreáin. Le linn na bliana dhírigh SEUPB agus a iliomad páirtithe cuid mhór ar oscailt agus bhainistíocht glaonna ar iarratais agus le feidhmiú na gclár a fhaireachán. Tógann na cláir úra ar dhúshraith dhaingean ar tháinig rompu agus tugann siad leo deis ghaibhnithe páirtíochtaí úra agus san áireamh, den chéad uair, ceangail le hIarthar na hAlban trí Chlár IDIR-RÉIG IVA.



Tógann na cláir nua ar dhúshraith dhaingean na gclár a tháinig rompu agus tugann siad deis páirtíochtaí nua a bhunú ar a n-áirítear, den chéad uair, naisc le hIarthar na hAlban tríd an chlár Idir-Réig IVA

Cionroinnt €333 milliún san iomlán a fuair Clár SÍOCHÁIN III, €225 milliún de sin a fuarthas ó Chiste Forbartha Réigiúnaí an Aontais Eorpaigh (CFRAE), agus an €108 milliún a chuir an dá bhallstát ar fáil. Tógann an clár úr ar oidhreacht SÍOCHÁIN I agus SÍOCHÁIN II ach go ngabhann sé chuige féin cur chuige agus straitéisí le huastionchar chroíchuspóir an chláir a chinntiú - pobail a thabhairt chun athmhuintearais agus cur i dtreo sochaí chionroinnte. Tá obair le grúpaí íobartach agus marthanóirí ag crollár an chláir úir.

Tá Clár €256 milliún IDIR-RÉIG IVA ar fad ag tacú le tionscnamh tras-AE le gníomhaíochtaí a chistiú a thugann aghaidh ar na fadhbanna geilleagair agus sóisialta a éiríonn as teorainneacha a bheith ann. Tugann an clár deis ollmhór le páirtíochtaí a chruthú idir Tuaisceart Éireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban trí fhorbairt nasc geilleagrach, sóisialta agus comhoibritheach.

Ní hionann riarachán SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA agus bainistiú na gclár roimhe seo. Is mó an fhreagracht atá ar SEUPB i soláthar na gclár úr. Chomh maith lena ról nua mar Údarás Bainistíochta SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA, is é Comhrúnaíocht Theicniúil (CRT) SEUPB an phríomh-mheicníocht fheidhmithe don dá chlár. Cinntíonn an CRT cur chuige caighdeánaithe do ghnás cláir, léirmhíniú rialachán, rialú airgeadais agus tairgeann sé tacaíocht agus treoir d'eagrais atá páirteach i bhfeidhmiú na gclár.

Thosaigh feidhmiú na gClár úr SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA díreach tar éis fhaomhadh oifigiúil na gclár i Samhain 2007, agus lean ar feadh 2008.

Taobh le hobair SEUPB ar SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA, tá an Foras páirteach ar bhonn gníomhach i gcothú comhoibriú trí na deiseanna a thug an Clár trasnáisiúnta IDIR-RÉIG IVB agus an Clár idir-réigiúnach IDIR-RÉIG IVC. Tá foireann speisialaithe anois ag SEUPB a chomharthaíonn deiseanna agus a chomhairlíonn páirtithe togra ar na dóigheanna a dtig leo ceangal leis na cláir thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha.

Agus muid ag bogadh isteach i ré úr deiseanna cistithe, admháimis olltionchar an dá chlár ar Thuaisceart Éireann agus ar Réigiún Teorann na hÉireann. A lán de na feidhmchomhlachtaí a bhí bainteach sna cláir shonraigh siad críoch

SÍOCHÁIN II agus IDIR-RÉIG IIIA le himeachtaí clabhsúir a cheiliúir agus a d'aibhsigh a n-iliomad éachtaí - breis agus 7,500 togra a chistigh an dá chlár.

Chuir SEUPB I gcrích na cuspóirí corpráide a bheartaigh sé do 2008. Shroich Cláir SÍOCHÁIN II agus IDIR-RÉIG IIIA a spriocanna uile caiteachais do gach bliain dá saol go sea. Tá SEUPB fosta sásta gur feidhmíodh na Cláir ar dhóigh a shroich riachtanais Rialacháin AE, agus a réitíonn le rialachas dea-chleachtas in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Beidh SEUPB ag díriú ar chlabhsúr na gclár agus é sásta go sroichfear iomlán na riachtanas caiteachais faoi sprioclíne Mheithimh 2009.

Is suntasach í éifeacht dhearfach na gclár a chistíonn an tAontas Eorpach ar dhaoine aonair, phobail agus ghnólachtaí ar fud an réigiúin. Chun soláthar rathúil chuspóirí SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA araon a chinntiú caithfidh a lán daoine ón iliomad eagras comhoibriú go dlúth lena chéile. Is mian liom buíochas a ghabháil lenár bpáirithe agus le gach duine a bhí páirteach as a gcion fíorluachmhar d'obair SEUPB agus go háirithe Cláir SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA. Is mian liom fosta díograis agus tiomantas mo chomhghleacaithe a aithint agus buíochas a thabhairt dóibh as a gcruashaothar i bhfeidhmiú aidhmeanna agus chuspóirí SEUPB.



Pat Colgan
Príomhfheidhmeannach,
Foras Um Chláir Speisialta An AE



Ról Fhoras Um Chláir Speisialta An AE

Comhlacht Thuaidh-Theas é Foras Um Chláir Speisialta An AE (SEUPB), a bunaíodh faoin Chomhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríochta Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Comhaontú) agus a tháinig in éifeacht 2 Nollaig 1999. Ordaíonn an Comhaontú go bhfeidhmeoidh SEUPB na beartais a stiúran an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT) mar a shainíonn Ordú Comhoibrithe Thuaidh-Theas (Feidhmchomhlachtaí) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Comhaontaithe na Breataine-na hÉireann 1999, mar a leasaíodh.

Mar ghníomhaire den dá rialtas rinne SEUPB feidhm Údaráis Bhainistíochta do Chláir SÍOCHÁIN II agus IDIR-RÉIG IIIA araon 2000-2006 agus fosta feidhm Údaráis Íocaíochta maidir le IDIR-RÉIG IIIA. Bhí comhluach €1,176 milliún leis an dá chlár. Chistigh SÍOCHÁIN II 7,103 togra, IDIR-RÉIG IIIA 435 togra.

Ó thús 2007, d'fheidhmigh SEUPB ina Údarás Bainistíochta, ina Údarás Deimhníochta agus sholáthair an Chomhrúnaíocht Theicniúil (CRT) do Chláir SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA. Ina cháil Údarás Bainistíochta, déanann SEUPB cathaoirleacht ar na Coistí Faireacháin don dá chlár úra. Ról leathan atá ag SEUPB ag tacú le páirteachas Thuaidh/Theas i gcláir Thrasnáisiúnta IDIR-RÉIG IVB a bhaineann le hábhar i dTuaisceart Éireann. Chomh maith leis seo tá ról comhairleach agus comharthaithe ag SEUPB do pháirteachas Thuaidh/Theas i gclár idir-réigiúnach IDIR-RÉIG IVC.

Ár misean

“Cláir chistithe a bhainistiú agus a fheidhmiú go héifeachtach thar ceann an dá rialtas agus an Aontais Eorpaigh a dhíríonn ar sholáthar feabhsuithe sóisialta agus geilleagracha do mhuintir Thuaisceart Éireann agus na hÉireann trí chomhoibriú trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach.”

Ár bhfísráiteas

“Oibreoidh SEUPB mar ghníomhaire iontaofa an dá rialtas agus an Aontais Eorpaigh i mbainistiú agus soláthar clár a chuireann le leas geilleagrach agus sóisialta an réigiúin. Ba chuid bhunúsach dá chuid oibre luachanna oscailteachta, trédhearcachta agus rochtana.”

Tá an Foras faoi stiúir polasaí ag, agus tuairiscíonn sé do, an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT). Tá sé freagrach do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais. Ní tharlóidh aon chruinniú CATT in 2008.

Cuspóirí straitéiseacha Fhoras Um Chláir Speisialta An AE

Sainmhínítear cuspóirí straitéiseacha an Fhorais taobh istigh de na sainachair fheidhmithe is dúshraith dá chuid oibre agus mionsonraítear iad i bPlean Corpráideach an Fhorais 2008-2010 agus sa Phlean Bliantúil Gnó 2008. Ba iad na cuspóirí ba dhúshraith d’obair an Fhorais le linn 2008 agus mionsonraítear an dul chun cinn ar gach cuspóir sa tuarascáil seo:

- Soláthar éifeachtach críochnúil SÍOCHÁIN III a chinntiú agus cistiú iomlán na gclár a lánúsáid.
- Forbairt agus soláthar éifeachtach críochnúil IDIR-RÉIG IVA a chinntiú i dTuaisceart Éireann, i Réigiún Teorann na hÉireann agus in Iarthar na hAlban agus cistiú iomlán na gclár a lánúsáid.
- Críochnú thráthúil shásúil a chur ar SÍOCHÁIN II agus IDIR-RÉIG IIIA.
- Páirteachas Thuaidh-Theas i gcláir thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha IDIR-RÉIG IVB agus IDIR-RÉIG IVC a chinntiú agus a bheith mar Phointe Réigiúnach Teagmhála do Chlár Forimeall an Tuaiscirt.
- Tacú le feidhmíocht ghnó SEUPB agus í a mhéadú trí sholáthar bainistíochta ardchálíochta agus riarachán éifeachtúil a chuid gníomhaíochtaí.



Soláthar Chláir 2007 - 2013

Ba é príomh-bhuaicphointe 2008 seoladh Chlár 2007-2013. Seoladh Cláir SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA go foirmiúil 14 Aibreán 2008 i mBéal Feirste ag Danuta Hübner, an Coimisinéir do Pholasáí Réigiúnach san am sin, Peter Robinson (san am sin Aire Airgeadais Thuaisceart Éireann), agus Brian Cowan (san am sin Tánaiste agus Aire Airgeadais na hÉireann).

Díríonn an dá chlár ar ghnéithe éagsúla de na dúshláin shóisialta agus gheilleagracha atá os comhair an réigiúin.

Tugann Clár SÍOCHÁIN III chun tosaigh agus tógann sé ar oidhreacht Chláir SÍOCHÁIN I agus SÍOCHÁIN II a chlúdaigh an tréimhse 1995–2006. Tá buiséad iomlán €333m ag Clár SÍOCHÁIN III agus leanann sé ag leagan béime ar an athmhuintearas agus é ag díriú ar phobail a thabhairt chun athmhuintearais agus cur i dtreo sochaí chomhroinnte.

Clúdaíonn Clár IDIR-RÉIG IVA Tuaisceart Éireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban. Buiséad €256m san iomlán atá aige agus tacaíonn sé le hoibríochtaí trasteorann a chuidíonn le caipiteal sóisialta agus geilleagrach an réigiúin a thógáil.

Dhírigh gníomhaíocht SEUPB go príomha in 2008 ar fheidhmiú Chláir SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA agus ar thosach roghnú agus fhaomhadh tograí. Leis na comhlachtaí cláir agus san áireamh na Coistí Faireacháin, Coistí Stiúrtha agus Grúpaí Oibre a bunaíodh an bhliain roimhe, dhírigh 2008 ar thacú leis na comhlachtaí seo i dtreo feidhmiú éifeachtach na gclár.



Coiste RAP Thionól Thuaisceart Éireann

Mar chuid d'fheidhmeanna Thionól Thuaisceart Éireann, bhí cuireadh ar SEUPB teacht os comhair an Choiste Airgeadais agus Pearsanra ar dhá ócáid in 2008. Thug na cruinnithe deis leis an dul chun cinn ar fheidhmiú SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA a mhíniú.

Seó Bhaile Moireil

Chuaigh SEUPB i gcuideachta na Roinne Airgeadais agus Pearsanra le bheith páirteach i Seó Bhaile Mhoireil 2008 i mBéal Feirste i mí Bealtaine. Ar sheastán taispeántais bhí eolas ar gach ceann de na cúig chlár úra Aontais Eorpaigh atá ag feidhmiú i dTuaisceart Éireann, SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA san áireamh. Bhí baill foirne SEUPB ar láimh le comhairle agus treoir a thairiscint ar an dóigh a n-oibreodh cláir SÍOCHÁIN agus IDIR-RÉIG. Tugadh i láthair agus léiríodh físeán le linn an taispeántais a d'aibhsigh iarscéalta rathúla agus na tosaíochtaí do thréimhse 2007-2013.

Laethanta Oscailte

Ar chuireadh ó Ard-Stiúrthóireacht um Fhorbairt Réigiúnach Choimisiún na hEorpa, d'eagraigh SEUPB seimineár ar Sholáthar na Síochána Thar Teorainneacha ag na Laethanta Oscailte sa Bhruiséil do Réigiúin agus Chathracha. Ar an seimineár bhí cionta ó Gorka Espiau Idoiaga, Comhairleoir Sinsearach do thógáil na síochána don Uachtaránacht Bhascach agus Nicos Mesarites, Uachtarán na Comhairle um Athógáil agus Athlonnú sa Chipir.

1

2

3

1. Páistí áitiúla ó Bhunscoil Tildarg, Bealach Cláir ar cuairt ag seastán FSCAE ag Seó Bhaile Moireil.

2. Danuta Hübner, Coimisinéir na hEorpa do Bheartas Réigiúnach san am le (clé go deas) Peter Robinson (Aire Airgeadais Thuaisceart Éireann san am), Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach FSCAE, agus Brian Cowan (Tánaiste agus Aire Airgeadais na hÉireann san am) ag seoladh na gClár úr i mí Aibreáin.

3. Thug FSCAE láithriú ag na Laethanta Oscailte do Réigiúin agus Chathracha sa Bhruiséil.



Cuireadh i láthair forbheathnú ar thionchar trí chlár Síochána an AE ar phobail i dTuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann. Achoimríodh luach na foghlama le chéile faoi cheannaireacht don tsíocháin chomh maith le cion na ngnáthshaoránach do chlaohlú coimhlinte agus taithí ar úsáid Chistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh le tionscnaimh athmhuintearais phobail a bhainistiú.

Le linn Laethanta Oscailte thionóil SEUPB cruinnithe a bhain go háirithe le hobair Lónra na Síochána. Ó bunaíodh é le heispéreas bhainistiú, fheidmiú agus bhreithmheas chistiú Síochána an AE i dTuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann a chur in iúl do réigiúin pháirteacha ar fud na hEorpa, gníomhaíonn SEUPB mar rúnaíocht don Lónra.

Feidmiú Clár

Le linn 2008 thóg SEUPB roinnt céimeanna le feidmiú éifeachtach na gclár a chinntiú ar aon dul le Rialacháin, agus san áireamh eisiúint shraith Threoirnótaí Cláir agus táirgeadh Lámhleabhair Cláir le husáid ag baill foirne agus Treoirpháirtithe.

Chomhordaigh SEUPB sraith imeachtaí oiliúna do bhaill agus do chomhairleoirí Choiste Faireacháin SÍOCHÁIN III. Ag achoimriú ról agus freagrachtaí na mball, ar aon dul leis na gnáis ábhartha uile, chuir an oiliúint ar fáil fosta forbheathnú ar an Chlár agus ar ról a chomhlachtaí soláthair ag cuimhneamh ar riachtanais Rialacháin. Tharla dhá chruinniú de Choiste Faireacháin SÍOCHÁIN III in 2008 - ag Muileann Thulaigh Gharbháin, Bun Cranncha ar 23 Aibreán agus Lárionad Mílaoise Loch gCaol ar 22 Deireadh Fómhair.

Bunaíodh trí Choiste Stiúrtha don chlár. Tá siad seo á riar ag SEUPB, tríd an Chomhrúnaíocht Theicniúil (CRT) agus feidhmchomhlacht Chuibhreannas Gníomhaíochta Teorann (Pobal anois) agus Comhairle Chaidreamh Poiblí Thuaisceart Éireann. Tá na Coistí Stiúrtha comhdhéanta d'ionadaithe Ranna Cuntasacha na mBallstát agus de pháirtithe sóisialta eile, san áireamh ionadaithe ceardchumann, eanála pobail/deonaí, talmhaíochta, gnó, údarás comhionannais agus eagrais comhshaoil. In 2008 tháinig na Coistí Stiúrtha le chéile ar 20 ócáid.

Tá dhá Choiste Stiúrtha do Chlár INTEREG IVA. Leanann ballraíocht na gcoistí seo na critéir chéanna le cuid Chlár SÍOCHÁIN III agus in 2008 tháinig siad le chéile ar 10 n-ócáid.

Tháinig Coiste Faireacháin IDIR-RÉIG IVA le chéile dhá uair in 2008 - ag Halla Easterbrook, Dum-frís ar 9 Aibreán agus Lárionad Mílaoise Loch gCaol ar 22 Deireadh Fómhair.

D'údarair na Coistí Faireacháin bunú trí ghrúpa oibre le sainachair fheidmiú clár a fhorbheithniú:

- Faireachán agus Measúnú
- Comhionannas; agus
- Timpeallacht.

SÍOCHÁIN III

Agus Athleasú Riaracháin Phoiblí ar siúl i dTuaisceart Éireann, tháinig na comhairlí áitiúla le chéile ina n-ocht gcnuasach le páirt i bhfad níos straitéisí a thógáil i soláthar SÍOCHÁIN III. Thug na sé chomhairle i Réigiún Teorann na hÉireann faoin ról céanna.

Ag obair i bpáirtíocht le pobail, bhunaigh siad iad féin agus d'fhorbair Pleananna Gníomhaíochta Síochána le linn na bliana. Chuidigh an cur chuige seo leis an bhéim láidir 'ón bhun aníos' a choinneáil i soláthar an chláir. Agus scáthánaigh sé an cur chuige páirtíochta trí thabhairt faoi cheisteanna agus bhuarthaí comhroinnte agus is gné bhunúsach é den chlár.

Na 14 Phlean Gníomhaíochta Síochána a d'fhorbair cnusaigh na gcomhairlí áitiúla agus na comhairlí contae, cistíodh iad faoi théama, Tógáil Caidreamh Dearfach ar Leibhéal Áitiúil, de chuid an chláir. Thug Comhairle Cathrach Bhéal Feirste agus na seacht gcnuasach i dTuaisceart Éireann isteach a bpleananna gníomhaíochta faoi 31 Márta 2008. Breithníodh na hocht bplean ag cruinniú dhá lá den Choiste Stiúrtha ar 12 agus 13 Bealtaine 2008. Ag an chruinniú seo faomhadh le coinníollacha trí Phlean Gníomhaíochta Síochána agus Athmuintearais agus athbhreithníodh na cúig chnuasach eile de chuid Thuaisceart Éireann agus faomhadh le coinníollacha iad ag an Choiste Stiúrtha ar 7 Lúnasa 2008.

Fuarthas pleananna Réigiún Teorann na hÉireann faoi 13 Bealtaine 2008, breithníodh agus faomhadh le coinníollacha ag cruinniú Choiste Stiúrtha iad ar 24 Meitheamh 2008. Faomhadh pleananna uile Réigiún na Teorann ag an chruinniú seo.

Agus an clár á rolladh amach le linn 2008, dhírigh an ghníomhaíocht eolais agus phoiblíochta ar thacú le glaonna ar iarratais, sholáthar acmhainní chun cuidiú le Treoirpháirtithe freastal ar a ndualgais eolais agus phoiblíochta, agus sholáthar comhairle agus fhaomhadh do ghníomhaíochtaí poiblíochta na dTreoirpháirtithe.

San iomlán fuarthas 189 iarratas do SÍOCHÁIN III in 2008. Faoi dheireadh na bliana, bhí 20 cruinniú ann den Choiste Stiúrtha a bhreithnigh 127 iarratas as ar faomhadh 68 togra ar luach €146.5 milliún.

Comhrúnaíocht Theicniúil (CRT) SEUPB a riar na trí chruinniú Choiste Stiúrtha mar aon le Cuibhreas Gníomhaíochta Teorann (Pobal anois) agus Comhairle Chaidreamh Pobail Thuaisceart Éireann.

Fuair an t-eagrais Cneasú Trí Chuimhneamh £818,557 de chistiú SÍOCHÁIN III lena chuid oibre ar dhéileáil leis an am a d'imigh a chur chun cinn. Sa togra s'aige, 'Cibé a deir tú, abair rud éigin', gabhfaidh Cneasú Trí Chuimhneamh ról ceannaireachta i gcumasú eagrais cosmhintire, na sochaí cathartha agus ionadaithe polaitiúla leis na bearta agus na cinní a dhéanamh is gá chun an t-am a d'imigh a admháil agus déileáil leis. Dírionn an togra ar admháil agus dhéileáil le hoidhreacht na coimhlinte trí réimse fócasghrúpaí domhaine, seimineár poiblí agus ceardlann pobail.

Tá SÍOCHÁIN III ag cistiú Dhroichead úr Síochána thar Abhainn an Fheabhail, tríd an ghrúpa athghiniúna Ilex, a rachaidh ón iar-bhunáit mhíleata in Ebrington go cúl an Ghildhalla. Thug an clár £13,343,476 don tríú droichead thar an Fheabhail tríd an téama s'aige Cruthú Spás Poiblí Comhroinnte. Is é rún an téama seo tacú le forbairtí mórscála bonneagair a thabharfaidh faoi fhadhbanna na bpobal scartha trí chruthú fíorspás úr comhroinnte nó spás faoi chonspóid a chlaohlú. Cuirfidh an droichead ar fáil oidhreacht íocónach don chlár, don chathair agus do mhuintir an réigiúin Thiar-Thuaidh.



Togra €3 mhilliún Chaisleán Saunderson ar theorainn Cho an Chabháin/Fhear Manach, cistíodh é fosta faoi théama SÍOCHÁIN III Cruthú Spás Comhroinnte Poiblí. Is iad Comhairle Contae an Chabháin agus Gasóga Éireann na Treoirpháirtithe sa togra le tacaíocht Chomhairle Ghasóga Thuaisceart Éireann de Chomhlachas na nGasóg. San áireamh ar an fhorbairt 30 acra seo beidh suíomh buan jamboree a ghlacfaidh le 1,000 duine. Cuideoidh sé go mór le hachar na teorann idir An Cabhán, Fear Manach agus Muineachán a fheabhsú agus beidh de thoradh air athghiniúint gheilleagrach agus shóisialta cheantair faoi líon beag daoine. Cuirfidh an suíomh ar fáil saoráidí campála agus nua-aimseartha taobh istigh chomh maith le soláthar spás neodrach i dtimpeallacht nádúrtha ina dtig le daoine óga bualadh agus plé lena chéile i dtimpeallacht idirghníomhach agus neamhbhagrach.



Dúshláin Eagsúlachta, a fuair £99,988 de chistiú SÍOCHÁIN III, is togra é a fhoinsíonn agus a chartlannaíonn scéalta comrádaíochta pobail ó leithead Thuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann. Foinsíonn an togra ábhair agus úsáideann sé na hábhair seo le díospóireacht agus plé a spreagadh idir daoine óga imeallaithe. Féachann an togra le caidrimh a dheisiú agus an pobal níos leithne a cheangal isteach i ngníomhaíochtaí tógála síochána agus athmhuintearais. Féachann Dúshláin Éagsúlachta fosta le páirteachas daoine óga a mhéadú trí chothú na gcoincheap 'pobal' agus gníomh dearfach bunaithe ar chomhoibriú.



- 1
- 2
- 3

1. Imprisean ealaíontóra den Droichead úr Síochána thar an Fheabhal.
2. Láthair Abhainn an Fheabhail mar a dtógfár an Droichead úr Síochána.
3. Ag tabhairt cuairte ar shuíomh an lárionad úr ilghníomhaíochtaí ag Caisleán Saunderson, Contae an Chabháin tá Innar Nabiulin, 1ú Ghrúpa Gasóg an Chabháin agus Megan O'Reilly, 2ú Grúpa Gasóg an Chabháin.



IDIR-RÉIG IVA

Clár IDIR-RÉIG IVA do Thuaisceart Éireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban, is Clár Ciste Struchtúrtha de chuid an Aontais Eorpaigh é. Tacaítear leis tríd an Chlár Comhar Críche Trasteorann a fhéachann le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna geilleagracha agus sóisialta a éiríonn as teorainneacha a bheith ann. Leanann an clár de bhéim láidir an chláir roimhe seo ar Thuaisceart Éireann agus ar Réigiún Teorann na hÉireann, trí chuidiú le dhá chatagóir de thograí: (i) Tograí Thuaidh/Theas, mar ab amhlaidh cheana; (ii) agus tograí Tríphárteacha ina mbeidh Tuaisceart Éireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban.

Le linn 2008 fuarthas 73 iarratas don chlár. Breithníodh na hiarratais seo ag na naoi gcruinniú Coiste Stiúrtha a tionóladh, cruinniú Coiste Stiúrtha in Albain san áireamh. San iomlán, faomhadh 128 togra agus ba é luach na dtograí seo €146.7 milliún. Tháinig Coiste Faireacháin IDIR-RÉIG IVA le chéile ar dhá ócáid, ócáid acu in Albain.

Le cistiú £5 mhilliún ó Chlár IDIR-RÉIG IVA, déanfaidh eolaithe mara ó Thuaisceart Éireann, Iarthar na hAlban agus Réigiún Teorann na hÉireann ceannródaíocht ar thaighde i bhfuinneamh in-athnuaite. Déanfaidh na heolaithe 'BithMhara' taighde ar chruthú fuinnimh inathnuaite ó algaí mara agus fheamnacha.

1

2

1. An tAire Arlene Foster (RFTI) agus Bjarni Thorvaldsson, PF Hibernia Atlantic ag fógairt Thogra Kelvin.

2. Cnuasach Algaí agus Protozoa Chumann Chultúr Eolaíochta Mara na hAlban.



Oibreoidh Cumann Eolaíochta Mara na hAlban ar an Óban i bpáirtíocht le hOllscoil na Banríona Bhéal Feirste agus Ollscoil Uladh i dTuaisceart Éireann; agus na Forais Teicneolaíochta i nDún Dealgan agus Sligeach in Éirinn. Eiseamláir ar fheabhas é BithMhara den dóigh a rachadh oibriú trasteorann trí cheangal acmhainní agus nuála chun sochair don gheilleagar agus don timpeallacht chomh maith le tionchar buan a oibriú ar an phobal.

Tá Clár IDIR-RÉIG IVA fosta ag cistiú Thogra Kelvin de chuid Hibernia Atlantic, cábla díreach teileachumarsáide fómhara a nascann Tuaisceart Mheiriceá leis an réigiún Thiar-Thuidh. Cuideoidh an cábla leis an bhonneagar teileachumarsáide idirnáisiúnta idir Tuaisceart Éireann agus Tuaisceart Mheiriceá, chomh maith le mórthír na hEorpa, a fheabhsú. Gheobhaidh an togra €30 milliún ó Chlár IDIR-RÉIG IVA.

Seo an chéad cheangal díreach cumarsáide dá chineál isteach i dTuaisceart Éireann a ligeann do ghnólachtaí áitiúla úsáid a dhéanamh de chumarsáid ar phraghas réasúnta go dtí Tuaisceart Mheiriceá agus an Eoraip. An rochtain idirnáisiúnta a thabharfaidh Togra Kelvin, ceadóidh sí fosta d'fhorais airgeadais, do ghnólachtaí le cumas idirlín, d'academia, do chomhlachtaí meán agus d'aonán ar bith ard-bhandaleithid a theacht isteach i dTuaisceart Éireann agus gnó a dhéanamh.

Togra Aistriú Eolais agus Nuála san Innealtóireacht (AENI), is clár comhoibríteach é le heispéireas comhroinnte foghlama a chur chun cinn do mhic léinn, do na coláistí bainteacha agus do ghnó thar Réigiún Teorann na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus Iarthar na hAlban. Tá an togra ag fáil cistiú €2,942,077 trí théama chomhoibríú réigiúnach don fhiontraíocht de chuid Chlár IDIR-RÉIG IVA. Páirteach san oibríocht tá ionaid bharr feabhais san Fhoras Teicneolaíochta, Sligeach (FT Sligeach), Coláiste Réigiúnach an Tuaiscirt (CRT), An Baile Meánach, agus Coláiste Inbhir-àir.

Is é aidhm an togra teicneolaíochtaí, feidhmchláir agus cleachtais a fhorbairt a chumasódh teagasc idirghníomhach ar líne. Ceadóidh sé seo aistriú eolais agus teicneolaíochta idir na páirtithe féin agus a lucht leasmhar réigiúnach faoi seach. Ligfidh an oilteacht a gheofar do chomhlachtaí a gcumas iomaíochta a mhéadú trí leibhéil eolais agus scileanna a bhfórsa oibre a mhéadú. De thoradh an chomhoibríthe agus na nuála seo, táthar ag dúil go mbeidh na réigiúin níos tarraingtí i gcomhair gnólachtaí nua-thionscanta agus infheistíochta isteach.

Is é ról SEUPB i gcláir thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha, IDIR-RÉIG IVB agus IVC, an páirteachas Thuaidh/Theas sna cláir a uasmhéadú agus oibriú go dlúth le Tionól TÉ agus Parlaimint na hÉireann le deiseanna comhoibríthe Thuaidh/Theas a aithint. Spreagann na cláir seo comhroinnt eispéireas ar fud bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus taobh amuigh de. Cuidíonn na cláir le haimsiú fuascailtí cruthaitheacha agus nuálacha ar ghnáthcheisteanna sóisialta, geilleagracha agus inbhuaine.

Bhí an Foras gníomhach i gcomhlíonadh a oibleagáidí mar Phointe Teagmhála Réigiúnach do Chlár Fhorimeall an Tuaiscirt (CFT). Tionóladh trí chruinniú den Ghrúpa Chomhairleach Réigiúnach i dTuaisceart Éireann le tograí a mheasúnú. San iomlán, d'fhaomh CFT 19 dtogra, ocht gcinn acu le páirtithe i dTuaisceart Éireann agus cúig cinn le páirtithe in Éirinn.

I dtaca le cláir eile, faomhadh ocht dtogra le páirtithe ó Thuaisceart Éireann i gclár Achar an Atlantaigh, a bhfuil páirtithe in Éirinn ag cúig cinn acu. Faomhadh togra amháin le páirtithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn i gclár na hEorpa Thiar-Thuidh agus togra amháin i gclár IDIR-RÉIG IVC.

Thionóil Grúpa Réigiúnach IDIR-RÉIG IVB agus IVC a chéad chruinniú i mí na Nollag 2008. Cuireann an grúpa seo ar fáil do lucht leasmhar Thuaisceart Éireann ardán ar a dtig leo bheith páirteach, tuairimí a mhalartú, luach a chur agus dea-chleachtas a roinnt ar chláir IDIR-RÉIG IVB agus IVC.



Clabhsúr Chláir 2000-2006

Mar Údarás Bainistíochta do Chláir SÍOCHÁIN II agus IDIR-RÉIG IIIA 2000-2006, tá SEUPB freagrach as clabhsúr rathúil an dá chlár.

1. An tImeacht Clabhsúir Chláir sa Teach Caidéil, Béal Feirste.

1



Clár SÍOCHÁIN II 2000-2006

Faoi dheireadh na bliana 2008, bhí clabhsúr rathúil curtha ar 6,580 nó 93% den 7,103 togra cistithe SÍOCHÁIN II ar an lár-bhunachar sonraí. Shonraigh roinnt Feidhmchomhlacht críoch a ngníomhaíochta SÍOCHÁIN II le himeachtaí clabhsúir a cheiliúir gnóthacháil na dtograí a chistigh siad.

Imeacht Clabhsúir

Bhainistigh SEUPB imeacht i mí na Nollag 2008 le clabhsúr Chláir SÍOCHÁIN II agus IDIR-RÉIG IIIA a aithint agus an cion a rinne na Feidhmchomhlachtaí a admháil. Bhí tuairim is ar 120 ionadaí as na Feidhmchomhlachtaí i láthair agus chonaic siad scannán a d'aibhsigh cuid de na tograí a fuair tacaíocht ón dá chlár.

Tugadh láithrithe neamhfhoirmiúla ag an Cheolfhoireann Óige Thrasteorann, Cór Scoile Roddensvale agus Sorcas Pobail Bhéal Feirste a fuair tacaíocht ó SÍOCHÁIN II. Craoladh beo an t-imeacht thar an idirlíon trí thogra MIDAS Truck a fuair tacaíocht ó IDIR-RÉIG IIIA. Labhair Ceann Ionadaíochta Choimisiún na hEorpa i dTuaisceart Éireann, Maurice Maxwell, ag an imeacht a d'óstaigh Joe Mahon ó Theilifís Uladh.

Ar na tograí cistithe a aibhsíodh ar an DVD bhí World United, PATCH agus The Wave Trauma Centre.



1

1. Baill de chuid imreoirí World United a fuair cistiú ó SÍOCHÁIN II ag Searmanas Duaiseanna CPÉ, a tionóladh ag Óstán Ramada, Béal Feirste.

Is togra é World United a d'eagraigh Cumann Peile na hÉireann mar chuid dá chlár Peil do Chách. Le tacaíocht ó SÍOCHÁIN II, rinne World United cion dearfach don chomhtháthú trasphobail agus traschultúir trí dhaoine a thabhairt le chéile ina spéis sa chluiche. I measc an chumaisc tíortha agus cultúr bhí peileadóirí ón Phortaingéil, ó Chamarún, ón Chósta Eabhair, ón Pholainn, ón tSiombáib, ón Mhaláiv, ón Bhreasaíl, ón Afraic Theas, ón Iaráin agus ón Iodáil. Cé nach raibh rath i gcónaí ar an fhoireann ar an fhaiche, bhí siad ag barr na sraithe ag tabhairt grúpa ilghnéitheach daoine le chéile agus ag cuidiú le comhtháthú i bpobal agus i gcultúr.

Thug an togra Feasacht Pholaitiúil Trí Chultúr agus Stair (FPTCS) in Oirthear Bhéal Feirste grúpa le chéile le hathmhuintearas agus tuiscint trasteorann a fhorbairt idir ocht ngrúpa, ceathrar ó Bhéal Feirste agus ceathrar ó cheantar Dhroichead Átha. Bhí an togra á reáchtáil ag Cumann Ealaíon agus Cultúir Bhaile Mhic Gearóid agus dhírigh sé ar chothú comhthuisceana agus measa ar ilghnéitheacht pholaitiúil agus chultúrtha, agus tacú leo. Tagann grúpaí beaga rannpháirtithe le chéile ar bhonn rialta i gcomhair chuairteanna suímh agus dhíospóireachtaí ceardlainne le ceisteanna a fhiosrú, san áireamh polaitíocht, stair, saoránacht, cultúr, cearta daonna, paráidí agus ilghnéitheacht. Leis an mhuinín a gnóthaíodh as comhoibriú le chéile, tugadh faoi roinnt gníomhaíochtaí trasphobail agus trasteorann. D'imir tograí mar FPTCS ról suntasach i spreagadh daoine le breathnú thart timpeall orthu agus casadh ar dhaoine as taobh amuigh dá bpobal féin.

Is eagrais cosmhuintire, trasphobail, deonach é Ionad Tráma Wave a thacaíonn le daoine ar bhain méala nó tráma dóibh mar gheall ar fhoréigean i dTuaisceart Éireann beag beann ar a gcreideamh reiligiúin, cultúrtha nó polaitiúil. Le tacaíocht ó SÍOCHÁIN II, chothaigh WAVE meas don bheatha agus tuiscint den difríocht. Trína ghníomhaíochtaí agus a sheirbhísí, cuardaíonn sé dóigheanna cruthaitheacha le hoibriú trí cheisteanna a bhfuil acmhainn chun roinnte iontu. Tá cúig ionad WAVE i dTuaisceart Éireann a thairgeann seirbhísí cosúil le caradú, síciteiripe/comhairliú, comhairle/leas, deiseanna oiliúna, teiripí comhlántacha agus seirbhísí don óige. Tá tacaíocht agus cúram tairgthe ag an eagrais do bhreis agus 3,600 duine ar a bhfuil réimse daoine fásta, daoine óga agus páistí.

Clár IDIR-RÉIG IIIA 2000-2006

Faoi dheireadh 2008, tugadh clabhsúr ar an lár-bhunachar sonraí ar 327 nó 66% den 435 togra cistithe ag IDIR-RÉIG IIIA.

Bhí de thoradh ar Chlár IDIR-RÉIG IIIA gur tháinig rannpháirtíocht trasteorann níos mó i struchtúir, i bhfuascailtí agus i ndéanamh beartais, d'fheabhsaigh sé an comhtháthú geilleagrach agus sóisialta agus chothaigh sé cumas iomaíochta. Ar iliomad ábhar ratha an chláir tá a thionchar dearfach ar an earnáil Gnóthlachaí Beaga agus Meámhéide (SMB). Trí chistiú IDIR-RÉIG:

- leathnaigh 857 SMBi dtéarmaí forbartha táirge,
- eathnaigh 1,128 SMB i dtéarmaí díolacháin mhéadaithe, agus
- leathnaigh 178 SMB i dtéarmaí cruthaithe post.

Tá fianaise ann fosta ar bhonn feabhsaithe scileanna sa réigiún mar gheall ar thacaíocht IDIR-RÉIG IIIA. Chuir sé ar chumas 1,265 rannpháirtí cláir dul chun cinn ina bhfostaíocht láithreach, agus fuair 125 duine fostaíocht nua trí thionscnaimh earnála agus chlár athscileála. Trí oiliúint bhainistíochta agus fiontraíochta, fuair 150 ball foirne oiliúint i scileanna TEC agus chothaigh agus/nó bhunaigh 351 rannpháirtí gnólacht nua.

Bhain Áiléar Highlanes i nDroichead Átha agus Áiléar F E McWilliam i nDroichead na Banna leas as cistiú IDIR-RÉIG IIIA. Is spás tiomanta amharcealaíon é Áiléar Highlanes le clú idirnáisiúnta do Réigiún Thoir-Thuaidh Éireann. Thig leis an ionad glacadh le píosá measartha mór saothar stairiúil nó comhaimseartha nach bhfeicfí ach go hannamh taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Cuireann an t-áiléar ar fáil fosta buanspás do Chnuasach Ealaíne Cathrach Dhroichead Átha, chomh maith le clár rollach taispeántas agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

Trí Lónra Réigiún Oirthear na Teorann, bhí Áiléar Highlanes in ann naisc a ghaibhniú leis an fhoireann ar chúl Áiléar F E McWilliam i nDroichead na Banna. De bharr an ghaoil malartaíodh bailiúcháin. Comhairle Ceantair Dhroichead na Banna a thóg Áiléar agus Stiúideo úr taibhseach F E McWilliam le saol agus saothar an dealbhóra oirirc a cheiliúradh. Cuireann an foirgneamh úr sonrach ar fáil sárthaispeántas buan don chnuasach suntasach saothair a thiomnaigh an t-ealaíontóir don bhaile.

Páirtíochtaí trasteorann Grúpa Trasteorann Réigiún an Iarthuaiscirt (GTTRIT), Réigiún Teorann an Oirthir (RTO), Lónra Achar Lártheorann na hÉireann (LALTÉ) agus COMET (a chumhdaíonn ceantar Uirbeach Bhéal Feirste), chuidigh siad le cistí IDIR-RÉIG IIIA a sholáthar san áit ar mhó ar theastaigh siad. Chuaigh obair na bpáirtíochtaí seo chun sochair do Thuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann. Trí na húdaráis áitiúla agus na páirtithe sóisialta a thabhairt le chéile, bhain na páirtíochtaí buntáiste as deiseanna agus thug aghaidh ar chomhdhúshláin chun cuidiú le comhoibriú geilleagrach trasteorann níos láidre a chruthú.

1

1. An t-áiléar úr ealaíne a thóg Comhairle Ceantair Dhroichead na Banna le saol agus saothar F E McWilliam a cheiliúradh.





Comhroinnt Eispéireas

Le linn chuairt faisnéise ar Éirinn agus ar Thuaisceart Éireann, thug baill foirne ó Chomhairle Réigiún Thoir-Theas Phoblacht na Seice cuairt ar SEUPB le foghlaim conas a bhí an Foras ag feidhmiú Chlár SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA. Thug Údarás Bhainistíochta fosta ón Pholainn agus ón Rómáin cuairt ar SEUPB le cur chuige a chomhroinnt agus le tuairimí a mhalartú ar thabhairt faoi na dúshláin a thugann feidhmiú chlár an AE in amanna leo.

Tháinig deis eile le dea-chleachtas a chomhroinnt i mí Meán Fómhair nuair a d'óstaigh SEUPB cuid de thuras staidéir ó bhaill foirne ó Aireacht Forbartha, Oibreacha Poiblí agus Tithíochta na Rómáine agus an fhoireann ón Údarás Bainistíochta s'acu dá gClár Oibríochta Réigiúnaí 2007-2013. Bhain an chuairt cuid mhaith le foghlaim faoin dea-chleachtas a bhaineann le ról Údarás Bainistíochta agus Údarás Deimhnithe SEUPB. Malartaíodh faisnéis fosta ar phleanáil chorpráide, chumarsáid agus bhainistiú spriocanna N+2.

D'óstaigh SEUPB fosta grúpa staidéir ó Aireacht Forbartha Réigiúnaí (AFR) na Polainne. Ghabh deichniúr den fhoireann ó Roinn Údarás Deimhnithe an AFR páirt i dhá seisiún ar ról SEUPB i reáchtáil SÍOCHÁIN II, SÍOCHÁIN III agus IDIR-RÉIG IVA. Dhírigh láithrithe agus díospóireachtaí ar struchtúr SEUPB agus ar ról, freagrachtaí agus cleachtais an Údarás Deimhnithe.

Comhroinnt na Foghlama ar Chomhoibriú Trasteorann

Is ionstraim úr Eorpach í an Ghrúpáil Eorpach um Chomhar Críche (GECC) a chuireann ar chumas údarás réigiúnach agus áitiúil ó Bhallstáit éagsúla struchtúir chomhoibrithe le haitheantas dlíthiúil a chur suas. Cuireann an ionstraim ar fáil cur chuige úr do rialachas il-leibhéal a dtig leis comhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach a éascú agus a chur chun cinn. Cé nach GECC é SEUPB, chuir a thairbhí mar chomhlacht trasteorann a fheidhmíonn clár AE foghlaim ar fáil a thig a aistriú go dtí réigiúin



atá ag smaoineamh ar Ghrúpáil GECC a fhoirmiú. D'iarr Coimisiún na hEorpa agus Coiste na Réigiún ar Phríomhfheidhmeannach SEUPB, Pat Colgan, labhairt ag comhdháil sa Bhruiséil i mí Meithimh 2008.

Cuairt Choiste Geilleagrach agus Sóisialta na hEorpa

D'iarr Coiste Geilleagrach agus Sóisialta na hEorpa ar SEUPB cur lena chomhdháil i mBéal Feirste i mí Aibreáin 2008. Ba chuid é an t-imeacht de chleachtadh cnuasaigh eolais do Thuairisc Thuairimí an Choiste féin ar an ról a imríonn an tAontas Eorpach i bpróiseas síochána Thuaisceart Éireann. Chruinnigh an chomhdháil eolas ó lucht leasmhar agus ó shaineolaithe agus thug siad cuairt ar thograí i mBéal Feirste a fuair cistiú ón AE.

Comhdháil Idirghabhála Eorpach

Ag tús na bliana, thacaigh Clár SÍOCHÁIN II 2000-2006 leis an dara Comhdháil Idirghabhála Eorpach a tionóladh i Halla Cois Cladaigh i mBéal Feirste. Trí spreagaitheasc ag an chomhdháil, comhroinneadh éachtaí an chlár agus na foghlama a fuarthas le lucht éisteachta pan-Eorpach 350 duine. Taispeánadh tograí a chistigh SÍOCHÁIN II ag an chomhdháil agus sholáthair an grúpa cultúrtha trasphobail 'Piping Hot' siamsaíocht ag dinnéar na comhdhála.

Réigi-Réaltaí


Bhí lúcháir ar SEUPB cuidiú le toscaireacht ó Stiúirthóireacht Pholasaí Réigiúnaigh Choimisiún na hEorpa nuair a thug siad cuairt ar thogra EpiCentre san Iarthuaisceart agus mhol é mar iomaitheoir sa chomórtas ceannais do dhuaisianna gradamacha 'Réigi-Réaltaí'. D'athbhreithnigh na duaisianna seo tograí eiseamláracha a fuair cistiú Aontais Eorpaigh, ab fhearr a léirigh nuáil san fhorbairt réigiúnach. Cistíodh togra EpiCentre ag Clár IDIR-RÉIG IIIA.

1

2

1. An Cór ó Bhunscoil Imeachtha Bheannchair a chan ag Comhdháil Choiste Geilleagrach agus Sóisialta na hEorpa i mBéal Feirste.

2. Chuir an grúpa cultúrtha trasphobail 'Piping Hot' siamsaíocht iarrphoinne ar fáil don Chomhdháil Idirghabhála Eorpach.





Cuntais Bhliantúla

An Bhliain dár Chríoch 31 Nollaig 2008

Faisnéis Chúlra

Is Feidhmchomhlacht Thuaidh/Theas é Foras Um Chláir Speisialta an AE atá á urrú ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Airgeadais in Éirinn. Bunaíodh an comhlacht ar 2ú Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus faoin Chomhaontú Briotanach-Éireannach 1998 a bhunaigh feidhmchomhlachtaí, atá tacaithe ag Ordú Comhoibrithe Thuaidh/Theas (Feidhmchomhlachtaí) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus ag an Acht Comhaontaithe Briotanach-Éireannach 1999. Ag tuairisciú don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, is é príomhfheidhm Fhoras Um Chláir Speisialta AE riar Chistí Struchtúrtha áirithe de chuid an AE, SÍOCHÁIN, IDIR-RÉIG agus Tionscnaimh Phobail chun tacú le réimse clár forbartha agus athghiniúna i dTuaisceart Éireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus in Iarthar na hAlban.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir:

- Socruithe airgeadais Chuid 7 d'Aguisín 2 den Chomhaontú Briotanach-Éireannach ag bunú Feidhmchomhlachtaí;
- Treoir leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais, mar a fhoráiltear i Meabhrán Airgeadais an Fhorais, agus
- Treoir na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas a sholáthair an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais.

Forbhreathnú Gnó

Tá forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí agus fhorbairtí feasta Fhoras um Chláir Speisialta an AE tugtha sa Tuarascáil Bhliantúil.

Torthaí do na blianta

Tá torthaí Fhoras Um Chláir Speisialta an AE leagtha amach go mionsonraithe ar leathanach 28. Ba é barrachas na bliana €41,757 (Stg £33,171) - 2007: €17,671 (Stg £12,087).

Sócmhainní Seasta

Tá mionsonraí ghluaiseacht na sócmhainní seasta leagtha amach i nóta 9 leis na cuntais.

Le linn na bliana bhain an príomhchaiteachas ar shócmhainní seasta le feabhsú Theicneolaíocht an Eolais agus rialuithe an eagrais.

Taighde agus Forbairt

Níor tharla aon chaiteachas suntasach san achar seo.

Imeachtaí Tábhachtacha a Tharla Tar Éis Dheireadh na Bliana

Níl aon imeachtaí tábhachtacha ann ó dheireadh na bliana a d'oibreodh tionchar ar na Cuntais seo.

Bronntanais Charthanacha

Ní dhearna Foras Um Chláir Speisialta An AE aon bhronntanais charthanacha le linn na bliana airgeadais.

Baill Boird

Is é an Príomhfheidhmeannach a chleachtann feidhmeanna an fhorais. Níl baill boird ann.

Ní choinníonn an Príomhfheidhmeannach aon stiúrtóireacht eile nó aon leas eile suntasach a thiofadh i gcoimhlint lena fhreagrachtaí bainistíochta.

Íocaíocht le Soláthraithe

Tá Foras Um Chláir Speisialta an AE tiomanta ar íocaíocht phras billí ar earraí agus sheirbhísí a fuarthas de réir Acht Mhallíocaíocht Fiacha Tráchtála (Ús) RA 1998 agus Rialacháin Mhallíocaíochtaí i mBearta Tráchtála 2002.

Mura ndeirtear a mhalairt sa chonradh, tá íocaíocht iníoctha taobh istigh de 30 nó 45 lá, mar is cuí, d'fháil na n-earraí nó seirbhísí, nó ar thíolacadh sonraisc bhailí nó iarratas dá leithéid, cibé acu is moille.

Oibríonn an Foras riail íocaíocht phras 30 lá thar a chuid oifigí uile is cuma cad é dlínse bhunaidh an bhille. Athbhreithnithe rialta a rinneadh le tomhas chomh gasta a d'íoc Foras Um Chláir Speisialta An AE a chuid billí fuair siad amach gur íocadh 94.1% (2007 - 96.6%) de bhailí taobh istigh den chaighdeán seo.

I mí na Nollag 2008, dúradh le Comhlachtaí Poiblí tacú le gnólachtaí trí gach iarracht a dhéanamh le híocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe taobh istigh de 10 lá d'fháil sonraisc bhailí. I mí na Nollag d'íoc SEUPB 60% de na sonraisc taobh istigh de 10 lá.

Tá an Foras tar éis dul isteach i dTéarmaí agus Coinníollacha i gcomhair Íocaíocht Deontais le Ranna Cuntasacha d'fhonn íocaíochtaí a dhéanamh le tograí tríd an Láraonad Íocaíochta.

Éilíonn sé seo go ndéanfaidh an Foras íocaíochtaí le tograí taobh istigh de 10 lá oibre ar fháil sonraisc bhailí.

Baineadh seo amach i gcás 99% (2007 - 99%) d'íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana, arna n-anailísiú mar a leanas:

	Líon na Sonrasc	Mall	% in am
SÍOCHÁIN II	5,269	18	99.66%
IDIR-RÉIG IIIA	852	12	98.59%
Uirbeach	137	2	98.54%
Iomlán	6,258	32	99.49%

Polasaí Sláinte & Sábháilteachta

Tá poasaí scríofa Sláinte agus Sábháilteachta forbartha ag an Fhoras agus scaipthe ar iomlán na foirne. Léiríonn an polasaí na héilimh dhlíthiúla atá le comhlíonadh ar shláinte agus shábháilteacht sa dá dhlínse le go mbainfidh an Foras amach ardchaighdeán sláinte agus sábháilteachta taobh istigh den eagrais.

Fostaithe faoi Mhíchumas

Tá polasaí forbartha ag an Fhoras maidir le Míchumas.

Tá an Foras tiomanta d'fheidhmiú an pholasaí seo le comhionannas deise a bhaint amach dá fhoireann, dá iarratasóirí agus dá fhoireann fhéideartha, agus ar chomhlíonadh riachtanas Acht Leatrom Míchumais 1995.

Caithfidh an Foras le gach ball foirne nó le hiarratasóirí ar fhostaíocht le míchumas le dínit agus meas, agus cuirfidh sé ar fáil timpeallacht oibre atá saor ar leathrom mídhlíthiúil, íospairt nó ciapadh ar bhonn míchumais.

Is é aidhm an Fhorais:

- timpeallacht dhearfach oibre a chothú ina nglacfaí go fonnmar le daoine le míchumais;
- an timpeallacht agus na cleachtais oibre a scrúdú lena chinntiú, san áit a bhfuil sé indéanta, go leagtar gach bacainn roimh rannpháirteachas iomlán na foirne le míchumais i saol an Fhorais;

- timpeallacht shábháilte oibre a sholáthar;
- forbairt scileanna agus acmhainn foirne féideartha le míchumais a chinntiú, mar shampla, trí oiliúint agus forbairt foirne; agus
- rochtain réimse iomlán deiseanna earcaíochta agus fhorbartha gairme a sholáthar do dhaoine le míchumais.

Páirt an Fhostaí

Le linn na bliana coinníodh na fostaithe páirteach in oibríochtaí agus i bpleananna iomlána an Fhorais trí chruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, chúrsaí agus fhaisnéisithe.



Pat Colgan

Príomhfheidhmeannach
26 Meitheamh 2009

Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Threoraigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais Foras Chláir Speisialta an AE le ráiteas cuntas a ullmhú do gach bliain dár chríoch 31 Nollaig i bhfoirm agus ar an bhonn a leagadh amach i dtreoir na gcuntas ag an aguisín leis na cuntais seo. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhrúithe agus caithfidh siad radharc fíor agus cothrom a thabhairt ar staid chúrsaí an Fhorais ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus a chaiteachas, iomlán na gnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta, agus ar shreabhadh airgid don bhliain féilire.

In ullmhú na gcuntas caithfidh an Foras:

- Treoir na gcuntas a d'eisigh na Ranna Urraíochta a leanúint, san áireamh na riachtanais ábhartha chuntasóireachta agus fhaisnéisithe, agus polasaithe cuntasóireachta a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta;
- A rá má leanadh de chaighdeáin infheidhmithe chuntasóireachta agus aon difríochtaí ábhartha sna ráitis airgeadais a fhaisnéisiú agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar an bhonn gnóthais leantaigh, ach sa chás go mbeadh sé míchuí a thoirimhdiú go leanfaidh an Foras i mbun oibríochta.

Freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh mar Oifigeach Cuntasóireachta d'Fhoras Chláir Speisialta An AE, san áireamh freagracht as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as coinneáil thaifead ceart, leagtha amach i Meabhrán Airgeadais an Fhorais.

Scóip na freagrachta

thacaíonn le polasaithe, aidhmeanna agus cuspóirí an Fhorais a bhaint amach, le linn an t-airgeadas poiblí agus sócmhainní an Fhorais a chosaint, a bhfuil mé freagrach go pearsanta astu, de réir na bhfreagrachtaí a sannadh dom i mBainistíocht Airgid Phoiblí i dTuaisceart Éireann agus i nGnáis Airgeadais Phoiblí.

An Meabhrán Airgeadais idir SEUPB agus a ranna urraíochta, leagann sé amach go mionsonraithe freagrachtaí an Oifigigh Chuntasóireachta (an Príomhfheidhmeannach), taobh istigh de chreat airgeadais agus gnó. Caithfidh an Foras oibriú taobh istigh de na caighdeáin agus den treoir ar ghnáis chuntasóireachta agus airgeadais, mar atá leagtha amach i lámhleabhar Bainistíochta Airgid Phoiblí (TÉ).

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Dearadh cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh le riosca a bhainistiú go dtí leibhéal réasúnta seachas gach riosca teipthe a dhíchur le polsaithe, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach. Ní thig leis mar sin de ach dearbhú éifeachtachta réasúnta agus ní iomlán a sholáthar.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leantach a dearadh le rioscaí do bhaint amach pholasaithe, aidhmeanna agus chuspóirí an Fhorais a aithint agus a chur in áit tosaíochta, leis an dóchúlacht go bhfiorófaí na rioscaí seo a mheasúnú, agus le hiad a bhainistiú go héifeachtach, go críochnúil agus go tíosach. Tá an córas rialaithe inmheánaigh in áit i bhForas Um Chláir Speisialta an Ae don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2008 agus a fhad le dáta faofa na tuarascála agus na gcuntas bliantúil, agus tá sé i gcomhréir le treoir na Ranna Airgeadais.

Acmhainn le riosca a láimhseáil

Rinne mé gnáis chuí lena chinntiú go bhfuil cuspóirí agus rioscaí an Fhorais aitheanta againn agus gur cinneadh ar straitéis rialaithe do gach ceann de na rioscaí suntasacha. Dá thoradh seo, leithdháileadh úinéireacht riosca ar an fhoireann oiriúnach agus tá a mhana ar riosca do bhaint amach a chuspóirí leagtha amach ag an Fhoras.

Tá cinntithe agam go bhfuil gnáis in áit lena dheimhniú go mbíonn gnéithe de bhainistiú riosca agus rialaithe inmheánaigh á n-athbhreithniú agus á dtuairisciú ar bhonn rialta. Rinneadh lánmheasúnú riosca agus rialaithe don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2008.

Tá bainistiú riosca cuimsithe go hiomlán i bpróisis phleanála corpráide agus chinnteoireachta an Fhorais.

Caithfidh an fhoireann bhainistíochta tuairisciú liom ar bhonn rialta ar eochair-rioscaí a aithníodh a d'fhéadfadh cur isteach ar a n-achar oibre.

Faighim tuairiscí tréimhsiúla a bhaineann le rialú inmheánach. Tá na bearta cuí á ndéanamh le rioscaí a bhainistiú in achair shuntasacha freagrachta agus le dul chun cinn ar eochairthograí a fhaireachán.

An creat riosca agus rialaithe

Tar éis aithint eochairchuspóirí agus rioscaí an Fhorais, rinneadh tuilleadh oibre le níos mó seasmhachta a chruthú sa dóigh a gcaitheann an Foras le rioscaí.

Le linn na bliana dár chríoch 31 Nollaig 2008, rinne an Foras:

- Taifead na rioscaí atá os comhair an eagrais a athbhreithniú agus a uasdátú ar bhonn rialta;
- Córas eochairfheidhmíochta agus tháscairí riosca a oibriú;
- Coiste Iniúchta a oibriú, ar aon dul le dea-chleachtas;

- Clár riosca ar fud an eagrais a choinneáil; agus
- Tuairiscí ó Stiúrthóirí agus ó Bhainisteoirí an Fhorais ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh a shocrú.

Deimhniú Faisnéise

Aithním mo fhreagracht as láimhseáil bheacht shábháilte na faisnéise uile, agus as ceapadh agus próiseáil faisnéise, go háirithe san áit a mbeadh sí seo in úsáid ag an tríú páirtí, nó go mbeadh codanna eile den rialtas ag brath uirthi.

Leis an fhreagracht seo a chomhlíonadh le héifeacht, tá na bearta a leanas déanta:

- Tá Stiúrthóir na Seirbhísí Corpráide ceaptha ina Oifigeach Freagrach Taifead (OFT) ar an Fhoras. Thóg an OFT ar a sheal deimhniú ó bhainisteoirí, a chuir cúinsí faisnéise lena gclár riosca, a ndéantar tuairisc orthu ar bhonn míosúil;
- Tá Oifigeach Faisnéise ceaptha chun cuidiú le feidhmiú leantach Pholasaí Faisnéise an Fhorais agus tá sé ag déanamh iniúchadh faisnéise leis an fhoireann uile le comhachair dea-chleachtais, rioscaí, agus feabhsuithe a theastaíonn a mheasúnú;
- Tá rioscaí faisnéise an Fhorais measúnaithe in éadan dea-chleachtais, agus na torthaí curtha i láthair an Choiste Iniúchta; agus
- Roinnt de na rioscaí a aithníodh, ní raibh siad ríthábhactach don eagrais, agus séanfar cuid eile trí fheidhmiú Chóras Leictreonach Bainistíochta Sonraí (tá na céadchéimeanna chuige seo ar siúl).

Athbhreithniú éifeachtachta

Mar Oifigeach Cuntasóireachta, tá mé freagach fosta as athbhreithniú éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá m'athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh faoi thionchar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus na mbainisteoirí san Fhoras atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh, agus tuairimí a thug iniúcháirí seachtracha ina dtuairisc leo siúd ar a bhfuil dualgas rialachais agus tuairiscí eile. An Coiste Iniúchta a chomhairligh mé ar impleachtaí thorthaí athbhreithniú an chórais rialaithe inmheánaigh agam, agus tá plean in áit le haghaidh a thabhairt ar laigí agus le feabhsú leanúnach an chórais a chinntiú.

Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse ag an Fhoras le hIniúcháirí Inmheánach na Roinne Airgeadais agus Pearsanra, a oibríonn chuig caighdeán a sainíodh i Lámhleabhar Iniúchta Inmheánaigh an Rialtais. Faightear tuairiscí rialta ina mbíonn tuairim neamhspleách Cheann an Iniúchta Inmheánaigh ar shástacht agus ar éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh an Fhorais, chomh maith le moltaí i gcomhair feabhsúcháin. Don bhliain 2008 bronnadh an leibhéal foriomlán deimhnithe bliantúil 'substaintiúil' (an leibhéal is airde is féidir a fháil).

Le linn 2008, tháinig coiste iniúchta an Fhorais le chéile ceithre huairé agus bhreithnigh siad réimse ceisteanna ar a raibh na córais rialaithe inmheánaigh atá in oibríocht taobh istigh den Fhoras. Le linn 2008 bhí cathaoirleach neamhspleách agus ball eile neamhspleách ina mbaill ghníomhacha den choiste iniúchta.

Mar a leanas a bhí ballraíocht an Choiste
Iniúchta le linn na bliana:

Cathaoirleach Neamhspleách Bryan Johnston
Ball Neamhspleách John Cowley
Ionadaí RAP Bill Pauley
Ionadaí RA Niall MacSweeney
(cuireadh Pat Casey ina áit ar 1 Samhain 2008)

Tá freagrachtaí an Choiste ina n-iomláine
leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, agus
orthu tá soláthar comhairle don Oifigeach
Cuntasóireachta ar an mhéid a leanas:

- na próisis straitéiseacha i gcomhair riosca,
rialaithe agus rialachais;
- na cuntais, polasaithe cuntasóireachta
agus tuairisc bhliantúil;
- gníomhaíocht phleanáilte an iniúchta
inmheánaigh agus sheachtraigh; agus
- deimhnithe a bhaineann le rialachas
agus bainistíocht na gClár AE.

Chun cuidiú le comhlíonadh na bhfreagrachtaí
seo, ullmhaíonn an Coiste tuairisc, agus
tagann le chéile fosta lena éifeachtacht féin a
athbhreithniú. Déantar breithmheas na mball uile
uair sa bhliain. Faigheann baill neamhspleácha
fosta miontuairiscí míosúla na Foirne
Bainistíochta Sinsearaí.



Pat Colgan
Oifigeach Cuntasóireachta
26 Meitheamh 2009

Teastas Ard-Reachtairí Cuntas agus Ciste Thithe an Oireachtais agus Thionól Thuaisceart Éireann

